2025/371

21.2.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/371 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartú na luachanna TM_0 le haghaidh gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/631, ó 2025 ar aghaidh, tá meánmhaiseanna tástála na ngluaisteán nua paisinéirí uile agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua ('na luachanna TM_0') le húsáid chun na spriocanna astaíochtaí sonracha a ríomh le haghaidh gach monaróra gluaisteán nua paisinéirí agus gach monaróra feithiclí tráchtála éadroma nua. Ní mór na luachanna TM_0 atá le húsáid don ríomh a choigeartú go tráthrialta de réir mheánmhaiseanna tástála na ngluaisteán paisinéirí nuachláraithe agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nuachláraithe.

(2) Tá na luachanna TM_0 is infheidhme maidir le 2025 agus 2026 le ríomh mar mheánmhais tástála na ngluaisteán nua paisinéirí uile agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh sna blianta féilire 2022 agus 2023. Ar bhonn na sonraí faireacháin a bhailigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/631, 1 650,15 kg a bhí i meánmhais tástála na ngluaisteán nua paisinéirí uile a cláraíodh sna blianta féilire 2022 agus 2023, agus 2 161,13 kg a bhí i meánmhais tástála na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh sna blianta féilire 2022 agus 2023. Dá bhrí sin, ba cheart na luachanna TM_0 is infheidhme maidir le 2025 agus 2026 dá dtagraítear i gCuid A, pointe 6.2.1, agus i gCuid B, pointe 6.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, a bheith cothrom leis na luachanna sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/631 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 mar a leanas:

(1) i gCuid A, pointe 6.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil TM_0:

'1 650,15 kg is ea an luach TM_0 in 2025 agus 2026, agus cinntear an luach i gcileagraim (kg) i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (d), sna blianta féilire eile.';

(2) i gCuid B, pointe 6.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil TM_0:

'2 161,13 kg is ea an luach TM_0 in 2025 agus 2026, agus cinntear an luach i gcileagraim (kg) i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (d), sna blianta féilire eile.'.

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN